

L I T I R É A S A N A

DÓNAL MAC AMHLAIGH

AN AIMSIR ARIST

Os rud é nach mbaineann duine ar bith aon shásamh as ceol phíobaire an aon-phoirt rinneas féin rún daingean diongmhála an tseachtain seo chaite gan aon fhocal a rá feasta i dtaoibh an aimsir; ach ár ndó mo léan, nuair a chuala mé tuairisc roimhre na míosa seo á thabhairt amach thréig mé mo dhearúin. Agus cé h-iontas sin? Amhail agus nár leor é an dá mhí seo a chuaigh tharainn a bheith ina ndiabhaile le síon agus báisteach tá sé á thuair anois nach mbeidh an mhí seo Lúnasa a dhath níba fearr. Céard tá le rá ná le déanamh anois againn ach "Toil Dé go ndéantar" a rá agus bheith ag súil leis an bhFómhar Bui?

Chuirfinn féin an milleán ar na roicéidí agus na sputiní seo tá á dteilgean ón talamh anois gach ré lá ar na saolta deireannacha seo meir-each togha na h-aimsire a bheith i dtíortha eile i gcónaí. Driofúr do mo bhean a tháinig arais ón Iodáil i ndiaidh coicis a chaitheamh ann, chrádh sí thú ag cur síos ar spéartha gorma agus ar an rud ainithnid údán ar a dtugtar an ghrian a bheith ag sgalladh anuas go breá seacht lá na seachtaine. Rud a thugann comh fada leis an gceist seo mé: an raibh an scéal ariamh mórán níb' fhearr anseo sa mBreatain ná i dtír na hÉireann? Inn-seóidh 'chuile fhear aosta nó meath-aosta féin duit go bhfuil an donas uilig ar an aimsir anois le h-ais mar bhí fada fadó. Ní bhíodh an t-am sin, mas fíor dóibh, ach laethe breátha gréine ó Bhealtaine go Meán Fómhar agus ceart go leor (cé nach mian liom mé féin a áireamh ina measc siúd tá meanaosta féin!) tá cuimhne agam péin ar dheich lá breá in éadan 'chuile lá báistí a tháinig le linn m'óige. Thiocfadh nach bhfuil ann ar fad, ár ndó, ach cleas á imirt ag an gcuimhne orthainn; cá'il an duine nár thúisce leis na dil-chuimhne ná na cinn eile? Ar chaoi ar bith tá ar a laghad fianáí amháin le cruthú nach soineann ar fad a bhí ann comh fada siar le lár an naoú chéid dhéag. Amhlaoibh O Suileabháin tá mé a rá agus duine ar bith a léighfeadh a chinnlae thuigfeadh sé go mbíodh a gcion féin de'n dhroch aimsir aca an uair úd comh maith. Choinnigh Amhlaoibh cúntas an-mhion ar an aimsir ó lá go lá, agus ar mh'anam nach n-aithneóchá nach tráchteaire nuáiochta de chuid R. Éireann é lena a bhfuil de chaint aige faoi cheathanna, scamail agus báisteach. Is ioma sin rud nach n-athraíonn.

COIS MAIGHE NA gCAOR

Fuairas ón gClub Leabhar an lá cheana leabhar comh slachtmhar agus a tháinig mé trasna air le scathaimh maith. Cois Máighe na gCaor le Mainchín Seoighe (údar Maraíodh Seán Sabhat Aréir) leabhar a raibh suim mhór ag daoine a bhí ar bheagán Ghaeilge ann ní áir-im lucht léite na Gaeilge féin) tá i gceist agam agus cé nár fhága an bhroid agus an chruaóg d'uain agam mórán thar leath-spléacadh a thúirt tríd go níl seo níl dabht ar bith agus ná go mbeidh an t-ádhbhar tá ann

ag freagairt don geruth maisiúil tá curtha ag Foillsitheoir Náisiúnta Teoranta air. Tá creidiúint mhór ag dul do Karl Uhleman as ucht an clúdaigh a dhearaigh sé comh h-ealaíonta sin — é i ndar liom féin ag teacht (agus ag cur le) sprid agus meanma an ádhbhair. 15/- luach an eagrán daoir (clúdach cruá) agus go deimhin féin ní basetha dó air sin.

GÚNA DAOR

Léigh mé ar an bpáipéar laethiúil an lá cheana é — £750,000 a bheith á thúirt ag ban-aisteoir Iodáileach, Gina Lollobrigida ar ghúna fíor-álainn tá lochtaithe síos le seóda de 'chuile chineál agus a coinnítear faoi ghlas i mbainc 'nós mar a choinneófaí bosca óir nó aon nídh eile mar sin. Anois ní shárfar go deo ná go brach orm nach bhfuil rud eicint uafásach contráilte leis an saol ina gcónaíonn muid faoi láthair na h-uair nuair is acmhainn do (nó nuair a ligtear cead do) duine ar bith oiread sin shaidhbhris a chaitheamh ar an gcaoi sin cús tá na mílte is na mílte ag fáil bháis leis an ocras. Ní féidir nach scanall ós cóir Dia agus an Cine Daonna seo a chruthaigh Sé diomailt maoine den tsaghas sin. Tá an rud cheanna le rá faoin gcaitheamh amaideach

a déantar, thar tír ar bith, i Meiricea, áit a beathaítear cait agus madraí abhfad é níb' fhearr ná mar a beathaítear daoine i dtíortha go leor eile. Ná ní chreidfídh mé ar fea nóiméad nach bhféadfaí beartaíocht agus pleanáil a dhéanamh ionnas agus go bhféadfaí coinsias na ndaoine sin — lucht adhartha na gcat is na ngadhar — a mhúscailt le go ndéanfaidís ar an a laghad oiread dá mbráithre mí - ádhmharacha agus mar a bhíos siad sásta a dhéanamh ar son na mbeith-íoch. Tír mhór fhiail tá i Meiricea, tá fhios sin ag an saol, agus níl áireamh ar a bhfuil a dhéanamh ar son na dtíortha neamh - fhorbartha údán amuigh san Ais aici. Ach más eadh féin is dóiligh gan a chreidsint go gcaithfidh sí féin agus tíortha shaidhbhre eile mar Shasana íoc go daor as an ndiomailt scannraíoch a déantar ionnta. Agróidh Dia é lá breá eicint tá faitís orm. Tré sinn uilig a ligint faoi shlat buailte an Chomhaoinéachais ar fea thréimhse fada b'fhéidir? Neamhshuim i gcrúachas ár mbráithre, saint agus saoltacht ag fás in aghaidh an lae: cé déarfadh nár mhaith an oidhe orthainn é dá ndéanfaí sclábhaithe gan chearta dhinn in éiric ár gcionnta?

Dónal Mac Amhlaigh.

nuáiocht as na dúine

ÁR SCÓSTAÍ Á
SCAILLEAD

Caillpear ár scóstaí go deo na ndéor murab fuil as Dia — beir síad amach ní beir ceas a dul a gcóir. Chuais toscaireacht ó Comhairle Contae Longport suas go Baile Átha Cliath ar na mallaid, chuig an Aire Iompair agus Cumasáta le cásadó a dhéanamh leis fáin drochbáil a tásar a tabairt ar oileáin agus ar éaladóic le a' Rí — a gceannas agus, tar an bpointe baise, go gcuirtear trasnam de sreanga dealgáca éart timpeall orthu le bunadó na hÉireann a comneáil amuig. An comneáil is mó atá a gceannas.

Tá ceithre míle iomlán den trá mhór (óiréasta) Cuin na Long, iomr cé na nDúine agus droicéad an leacais) nae mhór caillte as luét na hÉireann agus faoi réim na nGall mar bíodh fadó. An cuntas-baine atá as an coisríoch anois in ionad an cláim i bpaó ó sin. Tá seo uilig ceannaithe faoi comh acu agus ní fada uainn na sreanga dealgáca agus "private" (i mbéarla) éar sae seata.

Tá dá ceart-caistil poiblí éun na parráige as Muisteac, ar dá taob an tsean-Rosapenna Hotel (a dóigeas i lár na Bealtaine, 1962, agus nae bhfuil iomrá dá laghad go fóill ar a tógáil a dhéanamh air, cé go dtug Doró fáilte céasta míle punt (£400,000) de chuid aigisio muintir na hÉireann le seo a fáil déanta (rud a tabairt saocrú mór do bunadó na Saeleacáta). Níl a dáte de seo déanta go nuise seo ac seort de ersatz curá suas acu — agus anuraid, tugad iarrad ceann den dá bealaic-taistil poiblí (éun na parráige as an trá mhór) a óruio — a 'spiceál' in éadan na ngluaiseán as an contae seo — ac éruinnis luét na n-óstán as na Dúine agus

Carras Aire agus máistir scoile, siopaóirí, srl., gur tarrainsead anois na píle de ceapa - éran 7 gur caitead i leataod iad.

Tá leat-pinsin as Seán Mac Siolla Uiríe (in aice leis an Coláiste) nae raib aige go dtí ar an tseachtain seo chuais éart, nuair a shonraís sé ceann a bhfuil "1801" de dáta uiríe — sé sin, go bhfuil an bonn seo as dul ó dúine go dúine le 164 bliana! Mar adúir an píle i bpaó ó sin.

"Téio an méanfac ó dúine go dúine, Mar téio an éanlaic ó píle go píle."

Imeas na ndéaraite atá sa baile as trasna, na tomne, tá: Simon Ó Gallcóir, as Doire Casáin; Neo Denis Mac Laipercas, ins na Dúinib; Dreoanán Mac an Uairé agus cuio den teaghlac leis, agus bunadó mhe Laipercas, as Doire Casáin móir: An-ton, Seán, Neo, Naos, Mici agus Aod (slán beo iad) agus Cáit, deirpíur na mátair as Rapaic — i pósta i Meiricea agus sa baile anois pósta, den céad uair ariamh le 48 bliana!

Níltear leat-sásta fá seo gur éirís leis an strámséir an tóir a éur ar an "Variety Show" (as Baile Átha Cliath) ó talamh mhe Siolla Uiríe — agus gan seiléip nó siamsa ar bít eite le fáil fá seo as os cionn 1,000, iomr deasóirí agus daoine fásta, de cuairteoirí éun na nDúine.

feit an ghrinn

Cuiread ceist uair ar dúine, míniú a tabairt ar caidé an rud, feit an ghrinn. Seo an freagra a tug sé: "An rud a baineann gáire asat, fá rud éigin a éur-pead i bfeian éú, dá mba rud é gur tárla sé duit péin!"

AN ROINN LEASA SHÓISIALAIGH

Déanann an tAcht Leasa Shóisialaigh (Folálacha Ighnéitheacha), 1965, socrú le haghaidh na méaduithe seo a leanas ar íocaíochtaí agus le haghaidh feabhsaithe eile sna Scéimeanna Cúnaimh Shóisialaigh.

Pinsin Seanaoise agus Pinsin do Dhaoine Dalla (Neamhranníocach)

Amhail ón 1 Lúnasa, 1965, déanfar na rátaí pinsin uile a mhéadú 10/- sa tseachtain i gcásanna nach mó ná £26 5s. 0d. an acmhainn bhliantúil agus 5/- sa tseachtain i gcásanna eile.

Tá teorainn na hacmhainne bliantúla £143 15s. 0d. le haghaidh pinsin á ardú go dtí £156 15s. 0d. agus i gcás pinsinéirí le leanáí cáilithe tá sé á ardú tuilleadh, mar a leanas: I gcás duine le leanbh cáilithe amháin £182 15s. 0d. I gcás duine le beirt leanáí cáilithe £208 15s. 0d.

Má bhíonn níos mó ná beirt leanáí cáilithe ann déanfar teorainn na hacmhainne bliantúla £208 15s. 0d. (a bhain eann le pinsinéir a bhfuil beirt leanbh cáilithe aige) a mhéadú £13 i gcás gach linbh cáilithe de bhreis ar bheirt.

Daoine nár éirigh lena n-éileamh ar phinsean toise gur mhó a n-acmhainn ná na teorainneacha a bhí i bhfeidhm roimhe seo comhairlítear dóibh iarratas eile a chur isteach más rud é nach mó a n-acmhainn bhliantúil ná na teorainneacha nua.

Tá feabhsuithe eile maidir leis an gcóras pinsin á gcur i bhfeidhm freisin amhail ón 1 Lúnasa, eadhon:-

- (a) ní chuirfear ioncam ó eagraíochtaí carthanúla san áireamh nuair a bheidh acmhainn á ríomh;
- (b) i gcás pinsinéirí dala, méadófar méid na dtuilleamh bliantúla nach gcuirfear san áireamh nuair a bheidh acmhainn á ríomh go dtí £65 i gcás an phinsinéara, £52 i leith banchéile agus £39 i leith gach linbh cáilithe;
- (c) tá méadú ó 10/- go dtí 20/- sa tseachtain a dhéanamh ar an méid uasta pinsin a fhéadfaidh na húdaráis ospid-eil a lamháil d'othair áirithe a bheidh á gcoinneáil in ospid-eil meabhair-ghalar. Féadfaidh na húdaráis ospid-eil íocaíochtaí a dhéanamh freisin as pinsean, thar cheann an othair, i leith a chuid oibleagáidí maidir le cíos, rátaí, blianacht talamh-cheannaigh, etc.;
- (d) i gcás éilitheoirí ar phinsean atá ag fáil blianachtaí ó dhíol gabhálas le Coimisiún na Talún faoi Alt 6 den Acht Talún, 1965, ní chuirfear san áireamh suas go £3 sa tseachtain den bhlianacht nuair a bheidh acmhainn á ríomh.

Pinsin Baintreach (Neamhranníocach)

Amhail ón 1 Lúnasa, 1965, déanfar na rátaí pinsin uile a mhéadú 10/- sa tseachtain i gcásanna nach mó ná £26 5s. 0d. an acmhainn bhliantúil agus 5/- sa tseachtain i gcásanna eile.

Tá teorainn na hacmhainne bliantúla á méadú £13 ionas go bhféadfar pinsean íosta 6/- sa tseachtain a íoc le baintreacha a bhfuil a n-acmhainn bhliantúil díreach lasmuigh den teorainn roimhe sin, e.g. tabharfar 6/- sa tseachtain do bhaintreach gan aon leanbh cáilithe ar mó ná £143 15s. 0d. ach nach mó ná £156 15s. 0d. a hacmhainn bhliantúil agus tabharfar 6/- sa tseachtain do bhaintreach le beirt leanbh cáilithe más mó ná £195 15s. 0d. ach nach mó ná £208 15s. 0d. a hacmhainn bhliantúil.

Tá athruithe á ndéanamh freisin mar a leanas sa tsli ina ndéantar acmhainn bhliantúil a ríomh:-

- (a) ní chuirfear ioncam ó eagraíochtaí carthanúla san áireamh nuair a bheidh acmhainn á ríomh.
- (b) Lamháiltear £39 i leith gach linbh cáilithe a asbhaint ón tuilleamh a fhaigheann baintreach as a saothar pearsanta féin. Roimhe seo níor lamháiltear an asbhaint sin ach amháin ó thuilleamh as fostaíocht inárachaithe.
- (c) I gcás acmhainn bhliantúil leanáí cáilithe ní áireófar ar acmhainn baintrí thar £26 i gcás linbh amháin, ná thar £52 i gcás beirt leanbh nó níos mó. Roimhe seo, áirití ar acmhainn na baintrí acmhainn bhliantúil uile bheirt leanbh cáilithe ar a mhéid.

Baintreacha a mheasann go mbaineann aon cheann de na hathruithe lena gcás ba chóir dóibh a iarraidh ar an Rúnaí, An Roinn Leasa Shóisialaigh, Áras Mhic Dhiarmada, Baile Átha Cliath 1, athbhreithniú a dhéanamh ar a n-éileamh.

Pinsin Dílleachtaí (Neamhranníocacha)

Tá rátaí uasta na bpinsean dílleachtaí neamhranníocach á méadú 5/- sa tseachtain ón 1 Lúnasa, 1965. Tá rátaí eile á méadú 4/- nó 4/6d. sa tseachtain.

Tá £6 12s. 6d. de mhéadú á chur leis an teorainn acmhainne bhliantúla ionas go bhféadfar pinsean íosta nua 4/- a íoc le dílleachtaí a bhfuil a n-acmhainn bhliantúil díreach lasmuigh den teorainn roimhe sin.

Liúntais Leanáí

I gcás triúr leanbh nó níos mó ná sin a shaolú d'aontoir-bhirt amháin íocfar dúbailt an ráta liúntais leanáí maidir le gach leanbh den toirbhirt sin fad a bheidh triúr ar a laghad de na leanáí cáilithe le haghaidh liúntais. Daoine a bheidh i dteideal liúntais leanáí a fháil de réir dúbailt an ghnáth ráta ba chóir dóibh iarratas i scríbhinn go n-íocfaí an ráta sin leo a chur go dtí an Rúnaí, An Roinn Leasa Shóisialaigh, Áras Mhic Dhiarmada, Baile Átha Cliath, 1.

Cúnaimh Dífhostaíochta

Ón 1 Lúnasa, 1965, amach, tá na rátaí Cúnaimh Dífhostaíochta á méadú 10/- sa tseachtain i ngach limistéar i gcás iarratasóra a bhfuil duine aosaithe ina chleithiúnas agus 5/- sa tseachtain i gcás iarratasóra nach bhfuil duine aosaithe ina chleithiúnas. Íocfar na rátaí breise sin gan aon iarratas speisialta a chur isteach ina leith.

Tá socrú déanta san Acht freisin a chumasú go mbeidh éifeacht ag Deimhniú Cáilíochta nua ó dháta a iarrtha in ionad ó dháta a thugtha, ionas gur féidir tríd sin cúnamh dífhostaíochta a íoc in aghaidh coda di i gcásanna iomchuí.

Árachas Sóisialach. Teorainn Luach Saothair.

Tá Ordú déanta faoi an Acht a ardaíonn an teorainn ioncaim le haghaidh árachais i gcás fostaithe nach saothraithe láimhe iad go dtí £1,200 sa bhliain le héifeacht ón 6 Meán Fómhair, 1965. Aon fhostaithe den sórt sin nach bhfuil a luach saothair ós a chionn sin beidh siad inárachaithe go héigeanta ón dáta sin.